2024/297

18.1.2024

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/297 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 31 Deireadh Fómhair 2023**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí líon agus teidil na n-athróg i ndáil le fearann na sláinte a shonrú**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh staidreamh Eorpach a bhaineann le daoine agus le teaghlaigh, bunaithe ar shonraí ar an leibhéal aonair arna mbailiú ó shamplaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 808/2004, (CE) Uimh. 452/2008 agus (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1177/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 577/98 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is suirbhé ar an bpobal i gcoitinne an Suirbhé Eorpach um Agallaimh Shláinte (EHIS) i bhfearann na sláinte lena dtugtar faisnéis staidrimh faoi stádas sláinte, faoi thosca sláinte agus faoi ghníomhaíochtaí cúraim sláinte san Aontas. Is príomhfhoinse tagartha de chuid an Aontais é le haghaidh beartais atá bunaithe ar fhianaise a bhaineann leis an tsláinte lena n-áirítear iad siúd maidir le cuimsiú sóisialta agus cosaint shóisialta, stíl mhaireachtála shláintiúil, dul in aois folláin agus folláine shláintiúil, míchothromaíochtaí sláinte, rochtain ar chúram sláinte agus cáilíocht seirbhísí cúraim sláinte.

(2) Chun na riachtanais a sainaithníodh sna topaicí sonraithe ábhartha, ba cheart don Choimisiún líon agus teidil na n-athróg maidir leis an tacar sonraí in EHIS a shonrú.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2019/1700, ní rachaidh líon na n-athróg sa Gníomh Tarmligthe seo thar 5 % de líon na n-athróg maidir le fearann na sláinte a d'éiligh an Coimisiún (Eurostat) an 3 Samhain 2019 cheana féin, ar bhonn sainordaitheach.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leagtar amach líon agus teidil na n-athróg maidir leis an tacar sonraí i ndáil le fearann na sláinte san Iarscríbhinn.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 31 Deireadh Fómhair 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

---

([1]) IO L 261 I, 14.10.2019, lch. 1.

*IARSCRÍBHINN*

**UIMHIR AGUS TEIDIL NA nATHRÓG I nDÁIL LE FEARANN NA SLÁINTE**

| Topaic | Topaic mhionsonraithe | Aitheantóir na hathróige | Ainm na n-athróg |
|---|---|---|---|
| Míreanna teicniúla<br>*12 athróg theicniúla* | Faisnéis maidir le bailiú sonraí | PRIMSTRAT | Sraith |
| | | PSU | An tAonad Samplála Príomhúil (PSU) |
| | Sainaithint | UAT | Uimhir aitheantais an teaghlaigh |
| | | UADA | Uimhir aitheantais an duine aonair |
| | Meáchain | UAL | Ualach críochnaitheach an duine aonair |
| | Tréithe an agallaimh | PROXY | An cineál rannpháirtíochta sa suirbhé |
| | | DÁTTAG | Dáta tagartha an agallaimh |
| | | MODHAG | An modh agallaimh a úsáideadh |
| | | TEANGAG | An teanga a úsáideadh san agallamh |
| | Logánú | RÉIGIÚN | Réigiún cónaithe |
| | | TÍR | Tír chónaithe |
| | | LEIBH_UIRB | Leibhéal an uirbithe |
| Tréithe daoine agus tréithe teaghlaigh<br>*11 athróg a bailíodh*<br>*1 athróg dhíorthaithe* | Déimeagrafaíocht | INSCNE | Inscne |
| | | AOIS | Aois, i mblianta iomlána |
| | | BLBRE | Bliain bhreithe |
| | | BREBLI | Breithlá na bliana seo thart |
| | Saoránacht agus stádas imirce | TÍRBHR | Tír bhreithe |
| | | SAORÁNACH | Tír na príomhshaoránachta |
| | | TÍRBHRATHAR | Tír bhreithe athair an fhreagróra |
| | | TÍRBHREMÁTHAIR | Tír bhreithe mháthair an fhreagróra |
| | Comhdhéanamh an teaghlaigh | COMHPHÁIRTITHE | Páirtithe atá ina gcónaí sa teaghlach céanna |
| | | MÉIDTEAG | Méid an teaghlaigh |
| | | MÉIDTEAG _0_13 | Líon na ndaoine atá 13 bliana d'aois nó faoina mbun |
| | | CINÉALTEAG | Cineál teaghlaigh |
| Rannpháirtíocht sa mhargadh saothair<br>*5 athróg a bailíodh* | Stádas na príomhghníomhaíochta (féin-sainmhínithe) | STÁDPRÍOMHGH | Stádas na príomhghníomhaíochta (féin-sainmhínithe) |
| | Saintréithe bunúsacha an phoist | GAIRMPOSTPRÍ | Gairm sa phríomhphost |
| | | GNÍEACAAPP | Gníomhaíocht eacnamaíoch aonad áitiúil an phríomhphoist |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | LA_PA | Príomhphost lánaimseartha nó páirtaimseartha (féin-sainmhínithe) |
| | | STÁDFOSTPP | Stádas fostaíochta sa phríomhphost |
| Gnóthachtáil oideachais agus cúlra oideachais<br>*1 athróg a bailíodh* | Leibhéal gnóthachtála oideachais | LEIBHGNÓOID | Leibhéal gnóthachtála oideachais (leibhéal oideachais is airde a cuireadh i gcrích go rathúil) |
| Ioncam, tomhaltas agus gnéithe rachmais, lena n-áirítear fiacha<br>*1 athróg a bailíodh* | Ioncam iomlán míosúil teaghlaigh | GLAN-IONMÍOST | Glan-ioncam míosúil teaghlaigh reatha |
| Stádas sláinte agus míchumais, rochtain ar chúram sláinte, infhaighteacht agus úsáid an chúraim sláinte agus na deitéarmanaint sláinte<br>*128 n-athróg a bailíodh*<br>*4 athróg roghnach a bailíodh* | Modúl Eorpach Íosta maidir le Sláinte | HS1 | Sláinte ghinearálta fhéinbhraite |
| | | HS2 | Fadhb sláinte sheanbhunaithe |
| | | HS3 | Srian ar ghníomhaíochtaí de dheasca fadhbanna sláinte |
| | Galair agus riochtaí ainsealacha | CD1A | Thíos le hasma le 12 mhí anuas (asma ailléirgeach san áireamh) |
| | | CD1B | Thíos le broincíteas ainsealach, galar scamhóige toirmeascach ainsealach nó eimfiséime le 12 mhí anuas |
| | | CD1C | Thíos le hionfharchtadh miócairdiach (taom croí) nó iarmhairtí ainsealacha ionfharchtaidh miócairdiagh le 12 mhí anuas |
| | | CD1D | Thíos le galar corónach croí nó le haingíne le 12 mhí anuas |
| | | CD1E | Thíos le brú fola ard le 12 mhí anuas |
| | | CD1F | Thíos le stróc (fuilrith cheirbreashoithíoch, trombóis cheirbreashoithíoch) nó le hiarmhairtí ainsealacha stróc le 12 mhí anuas |
| | | CD1G | Thíos le hartróis (seachas le hairtríteas) le 12 mhí anuas |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | CD1H | Thíos le neamhord íochtar an droma nó le máchail droma ainsealach eile le 12 mhí anuas |
| | | CD1I | Thíos le neamhord muiníl nó le máchail muiníl ainsealach eile le 12 mhí anuas |
| | | CD1J | Thíos le diaibéiteas le 12 mhí anuas |
| | | CD1K | Thíos le hailléirge, amhail riníteas, athlasadh súl, deirmitíteas, ailléirge bhia nó eile (seachas asma ailléirgeach) le 12 mhí anuas |
| | | CD1M | Thíos le neamhchoinneálacht fuail, fadhbanna maidir leis an lamhnán a rialú le 12 mhí anuas |
| | | CD1N | Thíos le fadhbanna maidir leis na duáin le 12 mhí anuas |
| | | CD1O | Thíos le dúlagar le 12 mhí anuas |
| | | CD1P | Thíos le lipidí le fuil ard le 12 mhí anuas |
| | | CD1R | Thíos le hailse (i.e. diagnóis ailse faighte, cóir leighis ailse, ag maireachtáil le hailse) le 12 mhí anuas |
| | | CD2 | Sláinte béil ghinearálta fhéinbhraite |
| | Tionóiscí agus gortuithe | AC1 | Timpiste baile nó fóillíochta le 12 mhí anuas |
| | Pian | PN1 | Déine pian coirp le 4 seachtaine anuas |
| | | PN2 | A mhéid a chuir an phian sin isteach ar an ngnáthobair le 4 seachtaine anuas (obair lasmuigh den bhaile agus obair tí aon san áireamh) |
| | Meabhairshláinte, lena n-áirítear andúile | MH1A | A mhéid nach bhfuil mórán spéise nó pléisiúir agus rudaí á ndéanamh le 2 sheachtain anuas |
| | | MH1B | A mhéid a mhothaítear brónach, dúlagar nó gan dóchas le 2 sheachtain anuas |
| | | MH1C | A mhéid lena bhfuil trioblóid codladh a dhéanamh nó fanacht ag codladh, nó ag codladh an iomarca le 2 sheachtain anuas |
| | | MH1D | A mhéid a mhothaítear tuirseach nó ar bheagán fuinnimh le 2 sheachtain anuas |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | MH1E | A mhéid lena bhfuil drochghoile nó an iomarca ithe le 2 sheachtain anuas |
| | | MH1F | A mhéid a mhothaigh an freagróir diúltach fúthu féin, nó a mhothaigh siad gur theip orthu nó gur lig siad iad féin nó a dteaghlach thíos le 2 sheachtain anuas |
| | | MH1G | A mhéid trioblóide atá ann ag díriú ar rudaí, amhail an nuachtán a léamh nó féachaint ar an teilifís, le 2 sheachtain anuas |
| | | MH1H | A mhéid a thug daoine eile faoi deara go raibh an duine ag bogadh nó ag labhairt go mall; nó a bheith chomh míshocair nó corrthónach go bhfuil siad ag bogadh timpeall i bhfad níos mó ná mar is gnách, le 2 sheachtain anuas |
| | | MH2A | Ag mothú go breá agus i spion maith le 2 sheachtain anuas |
| | | MH2B | Ag mothú go socair agus ar do shuaimhneas le 2 sheachtain anuas |
| | | MH2C | Ag mothú go gníomhach agus go díograiseach le 2 sheachtain anuas |
| | | MH2D | Ag dúiseacht ar maidin ag mothú úr agus go ndearna tú do scíth le 2 sheachtain anuas |
| | | MH2E | Ag mothú go raibh an saol laethúil lán le rudaí suimiúla le 2 sheachtain anuas |
| | Srianta feidhmiúla | PL1 | Spéaclaí nó lionsaí tadhaill a chaitheamh |
| | | PL2 | Radharc lag, fiú agus spéaclaí nó lionsaí tadhaill á gcaitheamh |
| | | PL3 | Áis éisteachta a úsáid |
| | | PL4 | Deacracht éisteachta leis na rudaí a deirtear i gcomhrá le duine amháin eile i seomra ciúin fiú agus áis éisteachta á húsáid |
| | | PL5 | Deacracht éisteachta leis na rudaí a deirtear i gcomhrá le duine amháin eile i seomra níos callánaí fiú agus áis éisteachta á húsáid |
| | | PL6 | Deacracht leathchiliméadar a shiúl ar thalamh réidh gan úsáid a bhaint as aon chabhair |
| | | PL7 | Deacracht ag siúl suas nó anuas 12 chéim |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | PL8 | Deacrachtaí le rudaí a thabhairt chun cuimhne nó deacrachtaí aird a dhíriú ar rudaí |
| | | PL8A | Deacrachtaí cumarsáide (an ghnáthchaint a úsáid, mar shampla, daoine eile a thuiscint nó a bheith intuigthe ag daoine eile) |
| | | PL9 | Deacracht plaic a bhaint as bianna crua agus iad a chogaint |
| | Deacrachtaí le gníomhaíochtaí cúraim phearsanta | PC1A | Deacracht tú féin a chothú |
| | | PC1B | Deacracht éirí amach as leaba nó cathaoir nó dul isteach ann |
| | | PC1C | Deacracht gléasadh agus baint díot |
| | | PC1D | Deacracht leithris a úsáid |
| | | PC1E | Deacracht folcadh nó cithfholcadh |
| | | PC2 | Dé ghnáth, faightear cabhair le gníomhaíocht féinchúraim amháin nó níos mó: tú féin a chothú, éirí amach as leaba nó cathaoir nó dul isteach ann, gléasadh nó baint díot, leithris a úsáid, folcadh nó cithfholcadh |
| | | PC3 | An gá cabhair a fháil nó níos mó cabhrach a fháil le gníomhaíocht féinchúraim amháin nó níos mó: tú féin a chothú, éirí amach as leaba nó cathaoir nó dul isteach ann, gléasadh nó baint díot, leithris a úsáid, folcadh nó cithfholcadh |
| | Deacrachtaí le gníomhaíochtaí teaghlaigh | HA1A | Deacracht béilí a ullmhú |
| | | HA1B | Deacracht an teileafón a úsáid |
| | | HA1C | Deacracht siopadóireacht a dhéanamh |
| | | HA1D | Deacracht cógas a bhainistiú |
| | | HA1E | Deacracht obair tí éadrom a dhéanamh |
| | | HA1F | Deacracht obair tí throm a dhéanamh anois agus arís |
| | | HA1G | Deacracht cúram a dhéanamh de chúrsaí airgeadais nó de thascanna riaracháin de ghnáth |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | HA2 | Dé ghnáth, faightear cabhair le gníomhaíocht oibre tí amháin nó níos mó: béilí a ullmhú, an teileafón a úsáid, siopadóireacht, cógas a bhainistiú, obair tí éadrom nó throm, cúram a dhéanamh de chúrsaí airgeadais nó de ghnáthchúraimí riaracháin |
| | | HA3 | An gá cabhair a fháil nó níos mó cabhrach a fháil le gníomhaíocht oibre tí amháin nó níos mó: faightear cabhair le gníomhaíocht oibre tí amháin nó níos mó: béilí a ullmhú, an teileafón a úsáid, siopadóireacht, cógas a bhainistiú, obair tí éadrom nó throm, cúram a dhéanamh de chúrsaí airgeadais nó de ghnáthchúraimí riaracháin |
| | Srian sealadach ar ghníomhaíocht (de dheasca fadhbanna sláinte) | AW2 | Líon na laethanta neamhláithreachta ón obair de dheasca fadhbanna sláinte pearsanta le 12 mhí anuas |
| | Bacainní ar dhaoine páirt a ghlacadh i sainfhearainn den saol | BA1 | Deacracht an teach a fhágáil mar gheall ar fhadhbanna sláinte seanbhunaithe (coinníollacha nó laigí ainsealacha) |
| | | BA2 | Deacracht cineálacha éagsúla iompair a úsáid mar gheall ar fhadhbanna sláinte seanbhunaithe |
| | | BA3 | Deacracht rochtain a fháil ar fhoirgnimh phoiblí, lena n-áirítear gluaiseacht tar éis dul isteach sna foirgnimh trí saoráidí inmheánacha na bhfoirgneamh a úsáid de dheasca fadhbanna sláinte seanbhunaithe |
| | | BA4 (roghnach) | An phríomhchúis a chuireann leis an deacracht (seachas fadhbanna sláinte seanbhunaithe) |
| | | BA5 | Deacracht freastal ar ghníomhaíochtaí sóisialta ar nós teacht le chéile leis an gclann nó le cairde, dul chuig dinnéar, dul chuig imeachtaí sóisialta de dheasca fadhbanna sláinte seanbhunaithe |
| | | BA6 (roghnach) | An phríomhchúis a chuireann leis an deacracht freastal ar imeachtaí sóisialta (seachas fadhbanna sláinte seanbhunaithe) |
| | | BA7 | Deacracht an t-idirlíon a úsáid de dheasca fadhbanna sláinte seanbhunaithe |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Úsáid cúraim sláinte agus cúraim fhadtéarmaigh | HO12 | Líon na n-oícheanta a caitheadh mar othar in ospidéal le 12 mhí anuas |
| | | HO34 | Líon na n-uaireanta a tógadh isteach mar othar lae in ospidéal le 12 mhí anuas |
| | | AM1 | An uair dheireanach a tugadh cuairt ar fhiaclóir nó ar ortódóntóir (le haghaidh cóireáil phearsanta) |
| | | AM2 | An uair dheireanach a ndeachthas i gcomhairle le dochtúir ginearálta nó le dochtúir teaghlaigh (le haghaidh cóireáil phearsanta) |
| | | AM3 | Líon na gcomhairliúchán le dochtúir ginearálta nó le dochtúir teaghlaigh le 4 seachtaine anuas (le haghaidh cóireáil phearsanta) |
| | | AM4 | An uair dheireanach a ndeachthas i gcomhairle le speisialtóir leighis nó le speisialtóir máinliachta (le haghaidh cóireáil phearsanta) |
| | | AM5 | Líon na gcomhairliúchán le speisialtóir leighis nó le speisialtóir máinliachta le 4 seachtaine anuas (le haghaidh cóireáil phearsanta) |
| | | AM6A | Comhairliúchán le fisiteiripeoir nó le cinéisiteiripeoir le 12 mhí anuas |
| | | AM6B | Comhairliúchán le síceolaí, le síciteiripeoir nó le síciatraí le 12 mhí anuas |
| | | LT1 | Aon chúram neamhfhoirmiúil rialta go rialta a fháil (uair sa tseachtain ar a laghad) de dheasca coinníoll sláinte ainsealach nó míchumas nó mar gheall ar an tseanaois |
| | | LT2 | Aon seirbhís cúraim baile (fhoirmiúil) rialta a fháil (uair sa tseachtain ar a laghad) de dheasca coinníoll sláinte ainsealach nó míchumas nó mar gheall ar an tseanaois |
| | | LT3 | Líon uaireanta in aghaidh na seachtaine a fhaightear seirbhísí cúraim baile (foirmiúla) go rialta le haghaidh riachtanais phearsanta |
| | Úsáid cógas leighis | MD1 | Aon chógas leighis arna fhorordú ag dochtúir a úsáid le 2 sheachtain anuas (seachas frithghiniúint) |
| | | MD2 | Aon chógas leighis, táirge íocshláinte luibhe nó vitimín nach bhfuil forordaithe ag dochtúir a úsáid le 2 sheachtain anuas (seachas frithghiniúint) |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Cúram sláinte coisctheach | PA1 | An uair dheireanach a bhfuarthas vacsaín i gcoinne fliú |
| | | PA2 | An uair dheireanach de thomhas brú fola ag gairmí sláinte |
| | | PA3 | An uair dheireanach de thomhas colaistéaróil fola ag gairmí sláinte |
| | | PA4 | An uair dheireanach de thomhas siúcra fola ag gairmí sláinte |
| | | PA5 | An uair dheireanach de thástáil fola folaigh san fhaecas |
| | | PA6 | An uair dheireanach den ionscópacht drólainne |
| | | PA7 | An uair dheireanach den mhamagrafaíocht (X-gha brollaigh) |
| | | PA8 | An uair dheireanach de thástáil smearadh as an gceirbheacs |
| | Rochtain ar chúram sláinte | UN1A | Gá le cúram sláinte nach bhfuarthas le 12 mhí anuas de dheasca liostaí feithimh fada |
| | | UN2A | Gá le cúram sláinte meabhrach nach bhfuarthas |
| | | UN2B | An phríomhchúis leis an ngá le cúram sláinte meabhrach nach bhfuarthas |
| | Airde agus meáchan | BM1 | Airde gan bhróga |
| | | BM2 | Meáchan gan éadaí agus bróga |
| | Gníomhaíocht fhisiciúil | PE1 | Iarracht fhisiciúil maidir le cúraimí oibre (lena n-áirítear gníomhaíochtaí oibre ar íocaíocht agus obair gan íocaíocht araon) |
| | | PE2 | Líon na laethanta i ngnáthsheachtain ag siúl go dtí áiteanna agus uathu ar a laghad 10 nóiméad go leanúnach |
| | | PE3 | Am caite ar siúl chun dul go dtí áiteanna agus uathu ar ghnáthlá |
| | | PE4 | Líon na laethanta i ngnáthsheachtain ag rothaíocht go dtí áiteanna agus uathu ar a laghad 10 nóiméad go leanúnach |
| | | PE5 | Am caite ag rothaíocht go dtí áiteanna agus uathu ar ghnáthlá |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | PE6 | Líon laethanta i ngnáthsheachtain ag déanamh gníomhaíochtaí fisiciúla spóirt, aclaíochta nó áineasa (fóillíochta) a chruthaíonn méadú beag ar ráta análaithe nó croí ar a laghad ar feadh 10 nóiméad go leanúnach |
| | | PE7 | Am caite ag déanamh gníomhaíochtaí fisiciúla spóirt, aclaíochta nó áineasa (fóillíochta) i ngnáthsheachtain |
| | | PE8 | Líon laethanta i ngnáthsheachtain ag déanamh gníomhaíochtaí neartaithe meatán |
| | | PE9 | Am caite ag suí i ngnáthlá |
| | Nósanna cothaithe | DH1 | Minicíocht ite torthaí, seachas sú torthaí |
| | | DH2 | Líon na gcodanna torthaí in aghaidh an lae, seachas sú torthaí |
| | | DH3 | Minicíocht ite glasraí nó sailéid, seachas sú glasraí agus prátaí |
| | | DH4 | Líon na gcodanna glasraí nó sailéid, seachas sú glasraí agus prátaí |
| | | DH5 | Minicíocht óil sú torthaí nó glasraí íon |
| | | DH6 | Minicíocht óil deochanna boga siúcra-mhilsithe |
| | | DH7 | Minicíocht ite feola deirge |
| | | DH8 | Minicíocht ite táirgí feola próiseáilte |
| | Caitheamh tobac | SK1 | Cineál iompair maidir le caitheamh tobac |
| | | SK2 | Meánlíon toitíní in aghaidh an lae |
| | | SK3 | An caitheamh tobac laethúil roimhe seo |
| | | SK4 | Líon blianta de chaitheamh tobac laethúil |
| | | SK5 | Minicíocht nochta do dheatach tobac laistigh |
| | | SK6A | Cineál iompair maidir le húsáid táirgí tobac téite |
| | | SK6B | Cineál iompair maidir le toitíní leictreonacha nó gléasanna leictreonacha comhchosúla |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Ól alcóil | AL1 | Minicíocht óil dí alcólaí d'aon chineál (beoir, fíon, ceirtlis, biotáille, manglaim, réamh-mheascáin, licéir, alcól baile...) le 12 mhí anuas |
| | | AL2 | Minicíocht óil dí alcólaí ón Luan go dtí an Déardaoin |
| | | AL3 | Líon na ndeochanna alcólacha (caighdeánacha) ar an meán ar cheann de na laethanta ón Luan go dtí an Déardaoin |
| | | AL4 | Minicíocht óil dí alcólaí ón Aoine go dtí an Domhnach |
| | | AL5 | Líon na ndeochanna alcólacha (caighdeánacha) ar an meán ar cheann de na laethanta ón Aoine go dtí an Domhnach |
| | | AL6 | Minicíocht óil rioscúil aonuaire (comhionann le 60 g eatánól íon nó níos mó) le 12 mhí anuas |
| | Tosca sóisialta agus tosca timpeallachta | SS1 | Líon na ndlúthdhaoine ar féidir brath orthu i gcás fadhbanna pearsanta tromchúiseacha |
| | | SS2 | An méid imní atá léirithe ag daoine eile faoina bhfuil á dhéanamh ag an bhfreagróir |
| | | SS3 | Cé chomh héasca agus atá sé cabhair phraiticiúil a fháil ó chomharsana más gá |
| | | IC12 | Cúram nó cúnamh a thabhairt do dhuine amháin nó níos mó atá thíos le coinníoll sláinte ainsealach nó míchumas nó mar gheall ar an tseanaois, ar a laghad uair sa tseachtain |
| | | IC3 | Líon uaireanta in aghaidh na seachtaine a chuireann an freagróir cúram nó cúnamh ar fáil do dhaoine atá thíos le haon choinníoll ainsealach nó míchumas nó mar gheall ar an tseanaois |
| | Féinmharú (roghnach) | SU1 | Tar éis smaointe faoin bhféinmharú a dhéanamh |
| | | SU2 | Tar éis iarracht féinmharú a dhéanamh |